

ceardlann

04

FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM

SCOLÁIRÍ AG MACHNAMH
AR A GCUID FOGHLAMA

Nóta chug éascaitheoirí

Cad é aidhm an leabhráin seo?

Is cuid é seo de thacar de cheithre leabhrán atá ceaptha chun cleachtas do mhúinteoirí in Éirinn a fhorbairt. Cé gur le haghaidh múinteoirí atá bainteach le foráis sa tsraith shóisearach é, is féidir an t-ábhar agus na cuir chuige a úsáid trasna na n-earnálacha ar fad. Tá sé beartaithe go n-úsáidfidh an tacar leabhrán agus na hábhair a bhaineann leo ar dhóigh sholúbtha a ligeann do mhúinteoirí réimse cuir chuige a thriail a chabhróidh leo cur chuige comhleánúch a fhorbairt i leith an mheasúnaithe.

Conas a úsáidtear an leabhrán seo?

Is féidir le scoileanna a roghnú conas an t-ábhar a úsáid agus a oiriúnú ar bhealach ar bith a fhoireann dá gcomhthéacs féin. Moltar go dtosófá leis an láithreoireacht sleamhnán. Is féidir ansin gur chabhair agat na céimeanna a leanúint atá tugtha thíos nó is féidir leat do phlean ceardlainne féin a fhorbairt. Is é is cuspóir do na hacmhainní seo plé iomlán foirne agus plé ábharbhunaithe a éascú. Sa chás gur féidir, mholfaimis go n-úsáidfidh an t-ábhar ar bhonn na scoile uile mar go léiríonn fianaise taighde gur dócha go leabóidh athruithe i gcleachtas measúnaithe má thugtar isteach iad ar bhonn córasach trasna na scoile uile.

Má tá tú rún agat ceardlann a éascú le baill foirne, breathnaigh ar dtús ar Threoir an Éascaitheora is féidir a íoslódáil ag www.juniorcycle.ie/assessment

Céim 1

Is féidir an láithreoireacht sleamhnán a úsáid chun príomhsmaointe faoi mhachnamh scoláirí a thabhairt chuig grúpa iomlán foirne. Sa sleamhnán deiridh tá roinnt leideanna le haghaidh plé foirne bunaithe ar phríomhtheachtaireachtaí na láithreoireachta.

Céim 2

Tar éis na láithreoireachta réamhléirithí seo moltar go mbreathnódh agus go bpléifeadh an fhoireann:



Smaointe an Ollaimh Paul Black ar conas is féidir scoláirí a chur ag machnamh ar a gcuid foghlama (6 nóim. 46 soic)

Leidcheisteanna le haghaidh plé foirne:

- Cad iad na rudaí dearfacha a fheiceann tú trí ghrúpobair a úsáid le cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid oibre agus a gcuid foghlama?
- Cad é do bharúil de na straitéisí a mholann Paul Black chun go mbeidh páirt níos mó ag scoláirí ina gcuid foghlama?

Céim 3

Ag leanúint ón bplé sin is féidir leat anois na hábhair cheardlainne sa leabhrán seo a iniúchadh. Is féidir dul i gceann na gníomhaíochtaí seo in aon ord a oireann do chomhthéacs na scoile. Ní gá ná níl sé ceaptha go dtabharfaí faoi na gníomhaíochtaí san ord ina léirítear iad sa leabhrán seo.

Céim 4

Priontáil amach na pléchártaí agus na póstaer. Is féidir iad sin a úsáid chun tuilleadh caibidle agus smaointeoireachta a spreagadh nó tig iad a chur ar taispeáint ar fud na scoile chun na príomhtheachtaireachtaí a dhaingniú agus chun cabhrú leis an bhfoireann a gcleachtas sa réimse sin a fhorbairt a thuilleadh.

Meall an fhoireann chun gaisneas a bhaint as an ábhar atá molta sa rannán léitheoireachta.

Gluais Leathanaigh



Bileoga Oibre

Úsáidtear an tsiombail seo a leanas síos tríd an leabhrán chun gníomhaíochtaí agus bileoga oibre a thaispeáint is féidir a fhótachóipeáil chun a n-úsáid i gceardlann.

FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM

Scoláirí ag machnamh ar a gcuid foghlama | Ceardlann 4

Cén fáth a bhfuil an machnamh ina chuid thábhachtach den fhoghlaim?

Cé go ndéanann formhór na ndaoine machnamh gach lá, tarlaíonn sin don chuid is mó nuair a bhíonn sealanna ciúnais againn linn féin. Níl cleachtadh ag formhór na scoláirí ar mhachnamh ar a gcuid foghlama ar bhealach struchtúrtha. Tá lámh chuidithe de dhíth orthu le scileanna a fhorbairt sa smaointeoireacht agus sa scríbhneoireacht mhachnamhach. Cé go mb'fhéidir go mbeadh an scil seo ina scil nua acu ar dtús, éireoidh siad níos eolaí uirthi de réir mar a bhogfaidh siad tríd an tsraith shóisearach.

Trí mhachnamh 'san fhoghlaim' agus 'ar an bhfoghlaim' is féidir le scoláirí:

- bheith níos feasaí ar an eolas agus ar na scileanna atá forbartha acu
- buanna agus gnéithe atá le forbairt a aithint
- plean gníomhaíochta a fhorbairt le haghaidh tuilleadh foghlama
- níos mó tuisceana a fháil orthu féin agus conas a fhoghlaimíonn siad
- níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama

Cad é foghlaim mhachnamhach?

Breathnaigh ar an bhfíseán thíos ina bhfuil introir ghairid ar roinnt de na príomhsmaointe a bhaineann le machnamh scoláirí:



Cad é foghlaim athmhachnamhach? (3 mins)

Táimid buíoch den Roinn BÁCála, Pobalscoil Vancouver as cead a thabhairt an físeán seo a úsáid.



An gcabhróidh sé seo chun príomhscileanna a fhorbairt?

Duine a bheith in ann machnamh ar a chuid foghlama agus foghlaim conas a bheith ina fhoghlaiméoir níos fearr, is príomh-mhíreanna iad sin de phríomhscileanna na sraithe sóisearaí. Nuair a fhoghlaimíonn scoláirí conas machnamh ar a gcuid foghlama trí dhialóg, trí scríbhneoireacht nó trí ríomhaire a úsáid tá siad ag forbairt mórán de na scileanna seo.

Breathnaigh ar na príomhscileanna don tsraith shóisearach agus pléigh conas a chabhraíonn siad le machnamh scoláire. Bí ag obair i d'aonar nó le páirtí agus pléigh a fheabhas a d'fhorbair tú do chleachtas ranga trí scileanna machnamh do scoláirí a fhorbairt.

[Íoslódáil creat na bpríomhscileanna](#) chun tuilleadh sonraí a fháil



Gníomhaíocht 1

Teagasc do scoláirí conas machnamh a dhéanamh... Conas atá ag éirí linn?

Bí ag obair i d'aonar nó le páirtí agus ansin pléigh a fheabhas a d'fhorbair tú do chleachtas ranga trí intinní foghlama a úsáid.

Cuir soilse tráchta le do fhreagraí ar na ceisteanna thíos ag úsáid an chóid seo:


I gcónaí



Uaireanta



Riamh



Cuirim am ar fáil ag deireadh an cheachta/na gceachtanna do chun machnamh ar an dul chun cinn atá déanta acu



Spreagaim scoláirí chun machnamh a dhéanamh ní amháin ar an méid a d'fhoghlaim siad ach conas a d'fhoghlaim siad é



Spreagaim daltaí chun na chéad chéimeanna eile ina bhfoghlaim a phleanáil



Soláthraím ceisteanna agus uirlisí chun cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama



Sa seomra ranga úsáidim friotal a bhaineann le machnamh, amhail, 'déanfaimis moill anois chun machnamh ar an rud atá sibh tar éis a fhoghlaim'



Tugaim deiseanna do scoláirí féinmheasúnú a dhéanamh mar chuid den phróiseas machnamh



Cuirim am ar fáil do scoláirí chun machnamh ar aiseolas a fhagheann siad uaimse agus óna bpiaraí





Gníomhaíocht 2

Cuid 1: Cén fáth a bhfuil an machnamh tábhachtach?

'Ní fhoghlaimimid ó eispéireas ...foghlaimimid ó mhachnamh ar eispéireas.' - John Dewey

Scríobh síos cúpla fáth a cheapann tú a mbainfeadh scoláirí tairbhe as tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar a gcuid foghlama sa rang.

Pléigh do chuid pointí le do pháirtí nó le grúpa beag.

Cuid 2: Machnamh i m'ábhar

Ba dhuine é Donald Schon a raibh tionchar ag a chuid smaointeoireachta ar fhorbairt theoiric agus chleachtas na foghlama machnamhaí. Mhaígh sé go ndéanann an foghlaimeoir machnamhach machnamh nuair a bhíonn sé ag foghlaim (sa ghníomh) agus i ndiaidh na foghlama (ar an ngníomh).

Machnamh sa ghníomh

Am ar bith dá mbíonn dúshlán roimh scoláirí ina gcuid foghlama féadann siad cinneadh a dhéanamh ar an bpointe chun an dúshlán a shárú, mar shampla, trí eolas óna múinteoir/ nó óna bpiaraí a úsáid.

Machnamh ar ghníomh

Féadann scoláirí foghlaim chun machnamh ar a n-eispéiris foghlama agus/ nó ar a dtascanna measúnaithe i ndiaidh dóibh tarlú.

Pléigh le do pháirtí:

- Cad é an tairbhe a bheadh le deis a bheith ag do scoláirí machnamh 'sa ghníomh agus 'ar an ngníomh' i d'ábhar? Cé acu ba mhó tábhacht i d'ábhar?
- Conas a chabhrófa le do scoláirí an dá rud a dhéanamh?

Gníomhaíocht 3

Leideanna úsáideacha chun tacú le machnamh scoláirí

In bhur ngrúpaí, breathnaígh ar na leideanna seo a d'fhéadfaí a úsáid chun cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama:

- Seo é an rud ba thábhachtaí a d'fhoghlaim mé...
- Seo é an bealach a d'fhoghlaim mé...
- Seo é an rud a bhí deacair agam...
- Seo é an rud ba mhó a thaitin liom...
- Seo é an rud is mó a bhfuil cabhair de dhíth orm leis...
- Seo é an rud a chuireann trína chéile i gcónaí mé...
- Seo é an rud a chuir iontas orm...
- Seo é an rud a d'fhoghlaim mé atá nua..
- Seo é an rud a chabhraigh liom nuair a d'éirigh rudaí casta...
- Seo é an rud is mó a chuir ag smaoineamh mé...
- D'fhéadfainn foghlaim ní b'fhearr dá...

Pléigh

Cé acu de na leideanna seo a bheadh úsáideach agat le haghaidh do chuid scoláirí ? An gcuirfeá cinn eile leo? Céard faoi leideanna a fhorbairt a bhaineann le gníomhaíochtaí ar leith, amhail an sampla thíos?

Seo roinnt leideanna a chabhróidh le scoláirí machnamh ar a scileanna scríbhneoireachta.

- Roghnaigh mé an píosa scríbhneoireachta seo mar...
- Is é an fáth a bhfuil an píosa scríbhneoireachta seo maith mar go n-úsáidim...
- Seo an rud ar mhaith liom obair air ionas gur fearr don léitheoir mo chuid scríbhneoireachta...

Tuilleadh samplaí de leideanna machnaimh

Cad é a bhí furasta agat agus tú ag foghlaim conas...?

Cad é an rud a bhfuil tuilleadh cabhrach de dhíth ort leis?

Cad é ata tú in ann a dhéanamh anois nach raibh tú in ann a dhéanamh roimhe?

Cad é an rud is mó a chuir ag smaoineamh tú?

Cad é an rud is mó a bhfuil tú sásta leis?

Cad é an rud ba thábhachtaí a d'fhoghlaim tú?

Tuilleadh smaointe

Loga foghlama

Is é is loga foghlama ann freagra leantach scríofa atá pleanáilte agus a bhfuil cuspóir leis i leith a n-eispéiris foghlama. Is féidir na machnaimh sin a choimeád ar líne nó i ndialann speisialta. D'fhéadfadh dialóg tarlú iontu idir an scoláire agus an múinteoir ar an aistear foghlama. I roinnt cásanna d'fhéadfaí machnaimh a chomhroinnt i ngrúpa beag nó le páirtí.

An peann corcra le haghaidh machnaimh

Mura mian leat na scoláirí a machnaimh a scaradh óna bhfoghlaim laethúil is féidir leat a iarraidh orthu peann gorm/dubh a úsáid agus iad ag cur a gcuid oibre i gcrích agus peann corcra chun a machnaimh ar a gcuid oibre a scríobh. Is amhlaidh a bheidh sé níos éasca acu sin agus agat féin a gcuid machnamh a fheiceáil ina gcóipleabhair.

Machnamh agus 'féinchoimhrá'

Mar gheall ar an gcultúr s'againn bíonn sé deacair ag scoláirí a thuiscint go gcaithfidh siad féinchoimhrá a dhéanamh. Chun cabhrú le scoláirí guth inmheánach an mhachnaimh a fhorbairt, is féidir a iarraidh orthu na rudaí a leanas a dhéanamh.

- Litir/téacs a scríobh chucu féin ag tabhairt mionsonraí ar an méid a d'fhoghlaim siad ón eispéireas.
- Litir chomhairle a sheoladh chucu féin, chun a chur i gcuimhne dóibh féin cad é is féidir leo a dhéanamh chun a gcuid foghlama/oibre a fheabhsú an chéad uair eile a dhéanfaidh siad rud.

A gcuid machnamh a chomhroinnt

Is cabhair é deis a bheith ag duine a mhachnaimh a chomhroinnt mar go gcabhraíonn sé le scoláirí teanga agus cleachtas an mhachnaimh a fhorbairt. Seo roinnt moltaí a chabhródh le scoláirí éirí níos ábalta a gcuid machnamh a chomhroinnt:

- Suíodh gach duine i gciorcal. Iarr orthu ina nduine agus ina nduine machnamh amháin a chomhroinnt faoi conas a d'fhoghlaim siad sa rang nó sa ghrúpa beag inniu.
- Iarr ar scoláirí machnamh ar na gnéithe atá deacair acu nó ar a n-ábhair inniú agus ansin comhroinnt straitéisí fadhbréitigh.
- Iarr ar scoláirí machnamh ar bhotún nó ar earráid a rinne siad le déanaí agus conas a d'fhoghlaim siad as sin. Fásann go leor againn aníos ag ceapadh gur drochrud botúin. Chun barr feabhais a chur ar ár bhfoghlaim is gá a fhiafraí: 'Conas a bhainimid an tairbhe is mó as gach botún dá ndéanaimid?'



FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM

Scoláirí ag machnamh ar a gcuid foghlama | Ceardlann 4

Ceisteanna le plé ag cruinniú roinn ábhair

Is féidir go socróidh scoil go ndíreoidh sí ar an measúnú mar an tríú réimse le haghaidh Féinmheastóireacht Scoile (FMS). D'fhéadfadh sí, go háirithe, díriú ar mheasúnú foirmitheach. Tá an machnamh ina chuid thábhachtach de mheasúnú foirmitheach. B'fhiú na ceisteanna a leanas mar leideanna chun fianaise a bhailiú ag leibhéal roinn ábhair faoin gcleachtas reatha maidir le measúnú foirmitheach. Bheadh torthaí an phlé ar cheisteanna mar sin ina gcabhair do dhíospóireacht iomlán foirne agus sa deireadh chabhródh sin leis an scoil a buanna a aithint agus réimsí a bheadh le forbairt maidir le measúnú foirmitheach, rud a chabhródh ansin le plean feabhsúcháin scoile.

**Cad é an tuiscint atá agam/
againn ar an téarma
'machnamh scoláire ar an
bhfoghlaim'?**

**Conas is féidir liom/linn
cleachtais mhachnaimh
scoláirí a fhorbairt i mo/ inár
seomra ranga i m'ábhar/inár
n-ábhar?**

**Conas a chomhroinnimid
samplaí de dhea-chleachtas sa
réimse seo?**

**Conas a d'úsáidfimis
machnaimh na scoláirí chun
cabhrú lenár bpleanáil ábhair?**

Na chéad chéimeanna eile againn a phleanáil

Tá súil againn gur thug an cheardlann seo roinnt smaointe praiticiúla duit faoi conas is féidir leat cabhrú le do chuid scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama.

I d'aonar, roghnaigh dhá straitéis a ba mhaith leat a thabhairt leat ón seisiún seo a chuirfeadh feabhas ar do chleachtas chun cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama.

Pléigh na roghanna le comhghleacaí agus conas a d'úsáidfí iad sa dá ábhar agaibh.

Nuair a bhíonn tú ag tabhairt isteach deiseanna chun machnaimh i do chuid ranganna tosaigh le rang amháin ag an aon am amháin. Ceapann mórán múinteoirí go bhfuil sé úsáideach a n-eispéireas a phlé le múinteoirí eile agus taifead a choinneáil de dheacracht ar bith a bhíonn acu. Is tábhachtach freisin a insint do do chuid scoláirí cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh orthu machnamh ar a gcuid foghlama agus conas a rachaidh sé chun tairbhe dá gcuid foghlama. Cheap roinnt múinteoirí freisin gur chabhair é na hathruithe a phlé le tuismitheoirí.



Gníomhaíocht

Úsáid an bhileog phleanála atá leis seo agus leag amach an bealach atá tú ag brath tacú le scoláirí a scileanna machnaimh a fhorbairt i do sheomra ranga go ceann trí mhí.

Na chéad chéimeanna eile againn a phleanáil: Bileog phleanála


Amscála/rang	Príomhréimse atá le forbairt	Breathnuithe/smaointe

Pléchártaí

Is féidir na pléchártaí a ghearradh amach agus a úsáid chun plé i ngrúpaí beaga a spreagadh mar chuid de chruinniú iomlán foirne nó cruinniú faoi phleanáil oibre.

Pléchárta 1

Cad é? Cad chuige? Cad é anois?



Molann Rolfe, Freshwater agus Jasper trí cheist shimplí a úsáid nuair a bhítear ag machnamh ar an bhfoghlaim:

Cad é? Cad chuige? Cad é anois?

Cad é?: Cad é atá foghlamtha agam?

Cad chuige?: Cad é a insíonn sin dom faoi mo chuid buanna agus faoi na bearnaí i mo thuiscint?

Cad é anois?: Cad é is féidir liom a dhéanamh chun mo thuiscint a fheabhsú? Cad iad na chéad chéimeanna eile agam? Cad iad na spriocanna agus na cuspóirí s'agam chun bogadh chun tosaigh?

Pléigh conas a dhéanfa an cur chuige sin a úsáid nó a leasú i do sheomra ranga.

Pléchárta 2

Féinmheasúnú ar an tasc agus ar an bpróiseas araon

Nuair a bhíonn scoláirí ag machnamh ar a gcuid foghlama bheadh sé úsáideach a iarraidh ar na scoláirí smaoineamh ar an rud atá foghlamtha acu agus conas a d'fhoghlaim siad é.

Seo thíos roinnt ceisteanna a bhaineann leis an dá rud.

An tasc (cad é)	An próiseas (conas)
Seo é an rud ba thábhachtaí a d'fhoghlaim mé...	Bhain/ níor bhain mé sult as seo a fhoghlaim mar...
Seo é an chuid ba shuimiúla...	Seo rud a bhí deacair agam...
Seo ceist atá agam...	Seo rud a chabhraigh liom foghlaim...
Seo scil a d'úsáid mé...	D'fhéadfainn foghlaim ní b'fhearr dá...

Pléigh conas a dhéanfa an cur chuige sin a úsáid nó a leasú i do sheomra ranga.

Pléchárta 3

Duillín Iontrála

Roimh thús an ranga, scríobhann scoláirí faoi cheacht an lae roimhe, faoi choincheap a bhfuil deacracht acu leis, nó faoi smaoineamh nó ceist a ritheann leo faoina gcuid foghlama

Machnamh Lárcheachta

Le linn an ranga, stopann an múinteoir agus iarrann sé ar na scoláirí cúpla nóiméad a chaitheamh ag breacadh síos machnaimh ar conas atá siad ag foghlaim nó nóta a dhéanamh de cheist atá acu nó gné éigin atá ag cur mearbhaill orthu nó smaoineamh ar bith eile nó breathnú

faoin rud atá siad a fhoghlaim. Féadann cúpla scoláire toiliú a gcuid machnamh a chomhroinnt.

Duillín imeachta

Ag deireadh an ranga is féidir a iarraidh ar scoláirí aon cheisteanna nó aon fhadhbanna, aon ábhair inní nó aon cheangail phearsanta a bhaineann le ceacht an lae a scríobh síos. Is féidir go soláthródh an duillín imeachta roinnt léargas don mhúinteoir a chabhródh leis ceacht an lae ina dhiaidh sin a phleanáil.

Pléigh conas a dhéanfa na smaointe sin a úsáid nó a leasú i do sheomra ranga.

Pléchárta 4

Loga iontrail dhúbailte

Tarraingíonn na scoláirí 'T-chairt' mar a léirítear thíos. Ag barr an 'T' scríobhann na scoláirí topaic an lae. Sa cholún ar chlé, breacann na scoláirí síos eochairfhocail, eochairfhíricí agus eochairsmaointe faoin rud atá siad a fhoghlaim, a léamh nó a phlé sa rang. Sa cholún ar dheis, scríobhann scoláirí síos machnaimh faoin eolas mar bhealach chun ceangal pearsanta a dhéanamh leis an rud atá siad a fhoghlaim.

Topaic an lae inniu:

Eochairfhocail, eochairfhíricí, eochairsmaointe	Mo thuairimí, mo cheisteanna, mo smaointe

Leagan eile de sin is ea loga na bhfadhbanna/na bhfuascailtí

Tarraingíonn na scoláirí 'T-chairt' agus an t-am seo ar an gcolún ar chlé, taifeadann siad fadhbanna, réimsí a bhfuil deacrachtaí leo agus/nó ceisteanna atá acu faoina gcuid foghlama. Ar an gcolún ar dheis, taifeadann siad an fhuascailt nó an freagra nuair a fhaigheann siad é.

Topaic an lae inniu:

Fadhbanna agus ceisteanna	Fuascailtí agus freagraí

Pléigh conas a dhéanfa na smaointe sin a úsáid nó a leasú i do sheomra ranga

Pléchárta 5

EAF

Ba mhaith é seo a úsáid nuair a bhítear ag tabhairt isteach ábhar nua. Casann na scoláirí an leathanach go formáid tírdhreacha. Déanann siad trí cholún agus cuireann siad lipéad ar gach colún mar a léirítear sa sampla.

Eolach ar	Aineolach ar	Foghlamtha


Roimh thopaic nó coincheap nua a fhoghlaim, breacann scoláirí síos an méid atá ar eolas acu cheana. Ansin breacann siad síos rudaí a bhfuil siad aineolach orthu nó atá siad ag iarraidh a fhoghlaim. I ndiaidh dóibh an topaic a fhoghlaim, breacann scoláirí síos rudaí a d'fhoghlaim siad. Is féidir le scoláire é sin a dhéanamh mar ghníomhaíocht le daoine eile nó ina aonar.

Pléigh conas a dhéanfá an smaoineamh sin a úsáid nó a leasú i do sheomra ranga.

Pléchárta 6

Breathnaigh ar an dá chur chuige seo agus pléigh conas a dhéanfá iad a úsáid nó a leasú i do sheomra ranga.

An teicníc 3-2-1



Ceisteanna féinmhachnaimh

Dáta	Rudaí ar éirigh leo?	B'fhearr é/iad dá...?

Aguisín: Gluais

Torthaí Foghlama

Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na torthaí foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

Intinní Foghlama

Is ráiteas é an intinn foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, a chuireann síos go soiléir cad é is mian leis an múinteoir a bheadh a fhios ag na scoláirí, a thuigfeadh siad agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

Critéir Ratha

Bíonn na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar an *gcuma* a bheadh ar iarracht rathúil.

Measúnú Leanúnach

Mar chuid dá gcuid oibre sa seomra ranga, tugann scoláirí faoi ghníomhaíochtaí measúnaithe ar féidir leo a bheith foirmitheach nó suimitheach ina ndéanamh. Déanann múinteoirí measúnú mar chuid dá gcleachtas laethúil trí bhreathnú agus éisteacht le linn do scoláirí a bheith i mbun tascanna, trí amharc ar an méid a scríobhann siad agus a dhéanann siad, agus trína chur san áireamh an chaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann siad agus a gcuireann siad ceisteanna. Úsáideann múinteoirí an t-eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo i suíomhanna níos struchtúrtha agus níos foirmiúla ina mbeidh ar mhúinteoirí léargas a fháil ar dhul chun cinn na scoláirí d'fhonn cinntí a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí agus d'fhonn tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn. Seans go mbeidh ar scoláirí tionscadail, imscrúduithe, cás-staidéir agus/nó teisteanna a dhéanamh mar chuid de sin agus seans go dtitfidh sé amach ag pointí ama ar leith ar fhéilire na scoile.

Measúnú Foirmitheach

Bíonn measúnú foirmitheach (nó múnlaiteach) nuair a úsáidtear nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise a bhailiú ar an bhfoghlaim le linn an phróisis fhoghlama, agus a úsáidtear é chun an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais scoláirí. Ligeann an próiseas seo do mhúinteoirí agus do scoláirí eolas a bhailiú faoi dhul chun cinn scoláirí, agus coigeartuithe a mholadh i leith chur chuige teagaisc an mhúinteora agus cur chuige foghlama an scoláire. Clúdaíonn measúnú chun foghlama na gnéithe uile den mheasúnú foirmitheach ach go mbíonn sé dírithe go speisialta ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.

Measúnú Suimitheach

Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun luacháil a dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe. Is é an cuspóir atá leis achoimre a thabhairt ar chuid éachtaí scoláirí agus a oibriú amach cé acu agus go dtí cén pointe a léirigh scoláirí tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomórtas le critéir ratha nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe.

Gnéithe Cáilíochta

Is iad seo na ráitis i sonraíochtaí an ábhair a úsáidtear chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. De bhrí go bhfuil critéir ratha nasctha go dlúth le hintinní foghlama agus bunaithe ar phróisis laethúla an tseomra ranga, de réir a chéile beidh foghlaim scoláirí ina léargas ar na riachtanais a leagtar amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.

Breis léitheoireachta

Inside the black box: Raising standards through classroom assessment, Black, P., agus Wiliam D. (1998).

The getting of wisdom: what critically reflective teaching is and why it's important, in Becoming a critically reflective teacher. (Brookfield, S. 2009) San Francisco: Jossey-Bass.

The reflective practitioner, Basic Books. King's College, Londain. Schön D. (1995)

Suíomhanna gréasáin úsáideacha

[Uirlisí Úsáide Measúnaithe](#)

Uirlisí úsáide príomhscileanna

[Uirlisí Úsáide Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí](#)

[Mé féin a Bhainistiú](#)

[Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú](#)


[Obair le Daoine Eile](#)

[Fanacht Folláin](#)

[Bheith Cruthaitheach](#)

[Cumarsáid](#)

Creidiúint: Is mian leis an CNCM aitheantas a thabhairt don Chomhairle Churaclaim, Scrúduithe agus Measúnachta, Tuaisceart Éireann (www.rewardinglearning.org.uk) agus do Education Scotland (www.journeytoexcellence.org.uk) agus buíochas a ghlacadh leo as ábhair a úsáid sna leabhráin seo.



35 Fitzwilliam Square, Dublin DO2 KH36.
T: +353 1 661 7177 F: +353 1 661 7180 E: info@ncca.ie

www.ncca.ie